Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019
(OR. en)

10008/19

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 289**
**AGRILEG 105**
**AGRIFIN 36**
**AGRISTR 40**
**AGRIORG 32**
**CODEC 1182**
**CADREFIN 265**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1<br>9634/18 + COR 1 + ADD 1<br>9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | An pacáiste um athchóiriú CBT i ndiaidh 2020<br>a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna ndréachtú ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>c) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>*- Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Is iad na trí Rialachán seo a leanas na tograí le haghaidh athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a bhaineann le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh (CAI) 2021-2027:

   - **Rialachán** rí-lárnach **maidir le pleananna straitéiseacha faoi CBT,** lena gcuimsítear íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha earnála agus forbairt tuaithe;
   - Rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus a fhaireachán (dá ngairfear feasta: **An Rialachán Cothrománach**), a thiocfaidh in ionad an Rialacháin reatha darb ainm céanna;
   - Rialachán lena leasaítear agus lena dtugtar cothrom le dáta na Rialacháin seo a leanas: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM), Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí, agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha (dá ngairfear feasta: **An Rialachán leasaitheach**).

2. Rinne Meithleacha freagracha na Comhairle an chéad léamh ar na trí Rialachán atá beartaithe, agus rinneadh obair sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) agus sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh. Ina dhiaidh sin, thíolaic Uachtaránacht na hOstaire an chéad tacar moltaí maidir le dréachtú i leith na dtrí thogra (15058/18 + ADD1, 15046/18, 14195/18) gur chuir tuarascáil faoi bhráid na Comhairle ar an 17 Nollaig 2018 (15027/18) ar an dul chun cinn maidir le staid a scrúdaithe.

3. Ag tógáil ar an obair a rinne Uachtaránacht na hOstaire agus i ndiaidh plé breise ar leibhéal na Meithle, CST agus na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh, thíolaic Uachtaránacht na Rómáine tacar de mholtaí athbhreithnithe maidir le dréachtú do na trí Rialacháin. Mar thoradh air sin, measann Uachtaránacht na Rómáine go bhfuil téacs an Rialacháin Chothrománaigh agus téacs Rialachán CEM cobhsaí den chuid is mó agus dul chun cinn nach beag déanta i ndáil leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

4. Ina theannta sin, mhol Uachtaránacht na Rómáine go gcuirfí idirphlé ar bun maidir le forálacha áirithe a bhaineann le heilimintí áirithe, ar cuid iad den chaibidlíocht chothrománach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, amhail laghdú íocaíochtaí, an cúlchiste talmhaíochta agus an smacht airgeadais, ach gan aon chonclúid a bhunú maidir leis na heilimintí a chumhdaítear leis an "mBosca Caibidlíochta" (atá á bplé faoi láthair ar leibhéal na Comhairle Eorpaí). Sa bhreis air sin, i ndiaidh comhordúcháin le Meitheal *Ad Hoc* CAI, bhain Uachtaránacht na Rómáine na lúibíní den dá fhoráil dá cuid a bhain, de réir na gcatagóirí a bhí ann go dtí seo, le CAI (Airteagal 40 den Rialachán Cothrománach agus Airteagal 58(2) den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT).

5. Ar an gcuma chéanna, faoi Uachtaránacht na Rómáine, bhí idirphlé fada ann maidir le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, faoin Rialachán Cothrománach agus faoin Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, gur tugadh isteach ina dhiaidh sin moltaí maidir le dréachtú, a bunaíodh ar an idirphlé sin agus ar an ionchur a fuarthas freisin ó Sheirbhís Dlí na Comhairle.

## II. <u>STAID NA hIMEARTHA I LEITH AN RIALACHÁIN MAIDIR LE PLEANANNA STRAITÉISEACHA FAOI CBT</u>

6. D'eagraigh <u>Uachtaránacht na Rómáine</u> 16 chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (WP HAQ) agus dhá chruinniú de na Comhairleoirí/*Attachés* Talmhaíochta lena gcumhdaítear 26 lá oibre ar an iomlán chun an togra a scrúdú tuilleadh, go príomha ar bhonn páipéir ón uachtaránacht agus doiciméid mhíniúcháin ó sheirbhísí an Choimisiúin, mar aon le hionchur ó Sheirbhís Dlí na Comhairle. Faoi stiúir na bpáipéar beartais ón Uachtaránacht, reáchtáladh idirphlé maidir le heilimintí sonracha den togra ag 14 chruinniú de CST agus ag cúig chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh.

7. I bhfianaise na dtuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl le linn an idirphlé sin, agus a sheol siad isteach i scríbhinn, thíolaic Uachtaránacht na Rómáine roinnt leaganacha de na moltaí athbhreithnithe maidir le dréachtú: dhírigh an chéad dá leagan (7007/19 agus 7485/19, a foilsíodh ar an 1 Márta 2019 agus an 13 Márta faoi seach) ar roinnt gnéithe a bhí íogair ó thaobh na polaitíochta de; is éard a bhí sna leaganacha a foilsíodh ar an 27 Bealtaine (9529/19) agus an 7 Meitheamh (10103/19) athdhréachtú cuimsitheach den togra iomlán.

8. I ngeall ar an idirphlé a rinneadh ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil, agus ar thuairimí na dtoscaireachtaí faoi na moltaí maidir le dréachtú, bhíothas in ann dul chun cinn suntasach a dhaingniú: fuarthas tuiscint níos fearr ar sheasaimh na mBallstát, soiléiriú ar an togra ón gCoimisiún – rud a thug níos gaire do thuairimí na dtoscaireachtaí é – agus cobhsaíocht i dtaca le coincheapa. Chuidigh an t-idirphlé lena shoiléiriú freisin gur gá dóthain saoirse a thairiscint do na Ballstáit chun forálacha an Rialacháin a oiriúnú don staid mar atá ar an láthair agus chun eilimint "chomhchoiteann" an bheartais talmhaíochta a chaomhnú.

9. I dtaca leis an leagan deireanach dá cuid moltaí maidir le dréachtú, dhírigh Uachtaránacht na Rómáine a hiarrachtaí ar na gnéithe seo a leanas:

- D'fhonn na **sainmhínithe gona ndálaí gaolmhara** a chobhsú, agus cúiseanna imní na mBallstát á gcur san áireamh, mhol Uachtaránacht na Rómáine sainmhínithe nua, amhail "caiteachas poiblí" agus "AKIS", agus rinne sí athdhréachtú ar na sainmhínithe a thugtar ar "cistí frithpháirteacha", "comhlacht idirmheánach", "féarthailte buana", "feirmeoir óg" agus "fíorfheirmeoir". Ina theannta sin, chaith Uachtaránacht na Rómáine cuid mhór den idirphlé leis an moladh a rinne roinnt de na Ballstáit go leathnófaí an sainmhíniú a thugtar ar "heicteár incháilithe" ionas go bhféadfaí tuilleadh spáis a chruthú chun gur shaibhride an rannchuidiú ó thaobh an chomhshaoil de ó na limistéir thalmhaíochta. Dá bhrí sin, mhol Uachtaránacht na Rómáine téacs athdhréachtaithe, téacs a bhféadfadh tuilleadh idirphlé a bheith de dhíth ina leith;

- I ndáil leis na **cineálacha idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha**, d'eagraigh Uachtaránacht na Rómáine idirphlé fada maidir le laghdú íocaíochtaí (Airteagal 15) agus leis an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach inbhuanaitheachta (Airteagal 26), a raibh de thoradh air moltaí maidir leo sin a shimpliú. Leis an méid a leanas a bhaineann na moltaí sin: dealú deonach na gcostas saothair ó mhéid na n-íocaíochtaí díreacha a dheonófar d'fheirmeoirí maille le modh ríofa na méideanna sin (Airteagal 15(2)), agus cineál deonach na tacaíochta ioncaim athdháilte forlíontaí inbhuanaitheachta (Airteagal 26(1)). Chuir Uachtaránacht na Rómáine forálacha áirithe san áireamh freisin in airteagail eile d'fhreagairt ar shonraíochtaí na mBallstát;

- Is leasuithe teicniúla den chuid is mó na príomhleasuithe maidir leis na **cineálacha idirghabhála de réir earnála** agus tá iontu athruithe ar shubstaint na hidirghabhála: síneadh a chur leis an raon feidhme atá ag "earnálacha eile", chun na táirgí a thagann faoi phointe (x) d'Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le CEM atá ann faoi láthair a chumhdach, bunaithe ar mheasúnú riachtanas na mBallstát; solúbthacht d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí rogha a dhéanamh idir cuspóirí comhshaoil agus cuspóirí athraithe aeráide ina gcláir oibriúcháin; gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais maidir le feirmeoireacht orgánach a chur san áireamh, ar gealltanais iad a ghlac comhaltaí na n-eagraíochtaí táirgeoirí faoi ghníomhaíochtaí arna gcumhdach ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) don tairseach chomhshaoil de 15 %; solúbthacht chun rogha a dhéanamh idir cuspóirí a chur chun feidhme ar leibhéal na n-eagraíochtaí táirgeoirí nó ar leibhéal na gcomhlachas; cur le cómhaoiniú i gcás cuspóirí comhshaoil agus cuspóirí athraithe aeráide; raon na n-infheistíochtaí in earnáil an fhíona a leathnú; tairseach de 80 % a chur ar bun chun an caiteachas ar ghníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn in earnáil an fhíona a chómhaoiniú; in earnáil na hola olóige agus earnálacha eile, solúbthacht chun rogha a dhéanamh, i bpleananna straitéiseacha CBT, idir córas eagraíochtaí táirgeoirí agus idirghabháil struchtúrach; Féadfaidh sé, ámh, gur gá tuilleadh plé a dhéanamh maidir leis an 15 % atá molta ag an Uachtaránacht in Airteagal 44(7) agus maidir leis na forálacha i gcás "Earnálacha eile" in Airteagal 60a;

- Maidir leis na **cineálacha idirghabhála forbartha tuaithe**, is iad seo a leanas na hathruithe is tábhachtaí: clásal um athbhreithniú a thabhairt isteach in Airteagal 65; an fhéidearthacht na limistéir in Airteagal 66 ag a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar a athainmniú; coigeartuithe áirithe a dhéanamh ar liosta na n-infheistíochtaí neamh-incháilithe faoi Airteagal 68, chomh maith le cur chuige níos solúbtha a bheith ann maidir leis na cineálacha féideartha uirlisí bainistithe riosca in Airteagal 70. Ina theannta sin, rinneadh athrú mór ar Airteagal 75 maidir leis an úsáid a bhaintear as CETFT, a chuirtear ar fáil trí InvestEU nó a chomhcheanglaítear le InvestEU, chun é a bheith i gcomhréir le forálacha Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) agus Rialacháin InvestEU;

- Maidir leis "an t**samhail seachadta nua**", bhí plé cuimsitheach ann ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil araon, go háirithe faoin gcreat nua feidhmíochta. Mhol Uachtaránacht na Rómáine, dá bharr sin, roinnt athruithe ar Theideal VII, "Faireachán, tuairisciú agus meastóireacht", chun na ceanglais tuairiscithe a oiriúnú ar dhóigh níos fearr do shainiúlachtaí na hidirghabhála nach gcumhdaítear faoin gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) agus chun gur féidir cur chuige níos solúbtha a bheith ann maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht. Baineann na tograí nua leis an bhféidearthacht na haonadmhéideanna bliantúla meánacha a shocrú sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht i gcás idirghabháil nach idirghabháil CCRR í, bunaithe ar na hoibríochtaí a roghnaíodh sna blianta airgeadais roimhe sin, mar a mholtar faoi rogha 1 sa Pháipéar Comhpháirteach ó Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine. Anuas air sin, tá sé molta go ndéanfar tuairisciú ar thorthaí a mheas de réir garspriocanna gach dhá bhliain. Lena chois sin, chuir Uachtaránacht na Rómáine céatadáin chéimlaghdaitheacha mhéadaithe san áireamh i gcás diallais ó na garspriocanna débhliantúla mar seo a leanas: 45 % in 202{3}, 40 % in 202{5} agus 35 % in 202{7} (d'fhéadfadh athrú teacht ar na blianta i dtrácht ag brath ar an uair a gcuirfear an beartas nua chun feidhme). A bhuí leis na moltaí sin, déanfar iarmhairtí an athbhreithnithe ar fheidhmíocht a mhaolú agus, san am céanna, de thoradh torthaí a thuairisciú ar bhonn bliantúil, féadfar coigeartú tráthúil a dhéanamh ar an gcur chun feidhme chun diallas is airde ó na garspriocanna débhliantúla a sheachaint;

- Chuir Uachtaránacht na Rómáine, arna iarraidh sin do na Ballstáit, tús leis an bplé maidir le hIarscríbhinn I a mhéid a bhaineann le **táscairí**. Iarradh ar an gCoimisiún 70 doiciméad faisnéise a chur i láthair i dtaobh na dtáscairí comhthéacs, aschuir, toraidh agus tionchair agus ba é sin an bunús a bhí leis an gcéad athdhréachtú a rinne an Uachtaránacht ar Iarscríbhinn I. Ní mór soiléiriú breise a thabhairt maidir leis "an tsamhail seachadta nua", go háirithe i dtaobh gnéithe a bhaineann le pleanáil, ceanglais tuairiscithe agus táscairí;

- Bhí plé téamach ann, ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil, faoin "**ailtireacht ghlas**", arb í, dar leis an Uachtaránacht, ceann de bhunchlocha an athchóirithe ar CBT. Le linn na hUachtaránachta, bhí roinnt cruinnithe den Mheitheal agus de CST agus, chomh maith leis sin, den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí Aibreáin, agus díríodh ar an mír sin chun féachaint an bhféadfaí teacht ar chothromaíocht idir freastal ar shainiúlachtaí sna Ballstáit maidir leis an gcoinníollacht fheabhsaithe atá molta ag an gCoimisiún agus an uaillmhian níos airde ó thaobh an chomhshaoil de, a bhfuil glacadh forleathan léi, a chaomhnú. Díríodh aird ar leith ar na gnéithe seo a leanas go háirithe:
    - i) cé acu ba cheart nó nár cheart, agus a mhéid ba cheart, feirmeoirí beaga a bheith faoi réir na coinníollachta; maidir leis sin, chinn an Uachtaránacht nach bhfuil na Ballstáit ar aon intinn ó thaobh infheidhmeacht uilíoch na coinníollachta *vis-à-vis* díolúine ón gcoinníollacht sin d'fheirmeoirí beaga. I ngeall air sin, mhol an Uachtaránacht "méid na feirme" a áireamh mar phríomhthoisc riosca atá le cur san áireamh, in éineacht le córas rialaithe agus pionóis don chatagóir seo feirmeoirí;
    - ii) cé acu ba cheart nó nár cheart éiciscéimeanna a bheith deonach nó éigeantach do na Ballstáit agus an dóigh le méideanna nár caitheadh a sheachaint nuair is ísle líon na bhfeirmeoirí atá rannphháirteach ná mar a beartaíodh;
    - iii) dea-riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil (GAECanna) in Iarscríbhinn III a athdhréachtú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar shainiúlachtaí agus ábhair imní na mBallstát; coinníodh GAEC 5 laistigh de na seirbhísí comhairleacha feirme agus tugadh tuairisc as an nua ar an uirlis inbhuanaitheachta feirme i ndáil le cothaithigh;

- iv) na ceanglais reachtúla bhainistithe (CRBanna) a bhaineann le sláinte ainmhithe, cuid díobh a scriosadh; chuir roinnt Ballstát in iúl go gcumhdaítear cur chun feidhme na dtreoracha i dtrácht leis an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, lena gcuirtear creat cuimsitheach Eorpach ar bun maidir le rialuithe, iniúchtaí agus pionóis; ar an dóigh sin,faoin reachtaíocht náisiúnta, cuirfear smachtbhannaí ar fheirmeoirí nach gcomhlíonann na ceanglais thábhachtacha agus bhunúsacha. Ba ábhar imní do roinnt Ballstát go raibh na pionóis róghéar, ach is díol sásaimh do chuid de na Ballstáit gur cuid den choinníollacht é ainmhithe a shainaithint agus chuir siad in iúl gur ábhar imní dóibh go bhféadfaí an tslándáil tréidliachta a chur i mbaol ó cheann ceann an Aontais mura neartófaí feasta í leis an gcoinníollacht. Mar sin, chuir an Uachtaránacht CRBanna 7 go 10 idir lúibíní agus chuir sí isteach fonóta ag tabhairt le fios go gcaithfí téacs Airteagal 86(1) den Rialachán Cothrománach maidir le pionóis a fhorbairt a thuilleadh;

Toisc go bhfuil éagsúlacht ann áfach idir na tuairimí i dtaobh na bpointí thuasluaite, measann an Uachtaránacht gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí "oscailte";

- Maidir leis an g**creat rialachais agus comhordaithe**, d'fhéach an Uachtaránacht le forálacha bunreachtúla na mBallstát feidearálach/réigiúnaithe a chur san áireamh i dtaca le húdarás bainistithe a chur ar bun, trí Airteagal 110 a leasú a thuilleadh. Anuas air sin, coigeartaíodh na forálacha a bhaineann leis an gcomhairliúchán a rinne an coiste faireacháin ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht chun cur le saoirse na mBallstát maidir leis na ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh agus an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht á cur faoi bhráid an Choimisiúin acu;

- Maidir leis na **forálacha airgeadais**, dhírigh Uachtaránacht na Rómáine ar dhá phríomhghné:
    - i) leibhéal na tacaíocht cúpláilte: chuir na Ballstáit in iúl go raibh seasaimh éagsúla acu, idir iarraidh a dhéanamh deireadh a chur de réir a chéile leis an íocaíocht seo agus tacú leis an togra ón gCoimisiún (10 %+2 %), an leibhéal tacaíochta atá ann faoi láthair a choimeád (13 %+2 %) agus an leibhéal tacaíochta a mhéadú (suas go 23 %+2 %). Measann an Uachtaránacht, mar chomhréiteach, go bhfuil sé tábhachtach leibhéal an leithdháilte atá ann faoi láthair a choimeád ar a laghad, agus go ndéanfar é a fhormhuiniú ar an leibhéal polaitiúil ar deireadh;
    - ii) leibhéal an chúnaimh theicniúil: mhol an Uachtaránacht, tar éis di iarrataí a fháil ó thoscaireachtaí, go mbeidh feidhm ag an méadú go 6 % ar rannchuidiú CETFT maidir le pleananna straitéiseacha CBT i gcás ina mbeidh méid iomlán na tacaíochta ón Aontas d'fhorbairt tuaithe suas go EUR 1.5 billiún;
- Dhírigh Uachtaránacht na Rómáine a cuid oibre freisin ar na forálacha iomaíochta, ar Airteagal 131 (Státchabhair) agus Airteagal 133 (Bearta náisiúnta fioscacha) a athdhréachtú go príomha.

## III. STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN COTHROMÁNACH

10. Ar bhonn théacs an togra ó <u>Uachtaránacht na hOstaire</u> (15046/18), sa Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (WP AGRIFIN), rinneadh an Rialachán Cothrománach nua atá beartaithe a scrúdú a thuilleadh agus pléadh moltaí breise éagsúla dréachtaithe a chuir <u>Uachtaránacht na Rómáine</u> i dtoll a chéile; pléadh cuid de na moltaí sin freisin in CST agus sa Chomhairle, amhail an cúlchiste talmhaíochta agus an smacht airgeadais. Chun éabhlóid an tseasaimh ón gComhairle maidir leis an togra a léiriú, agus an dóigh a bhfuil an seasamh sin ag teacht chun cinn, d'fhoilsigh an Uachtaránacht, ar an 7 Meitheamh, an leagan is déanaí de théacs comhdhlúite an togra, lena léirítear na moltaí dréachtaithe uile a rinneadh a mheas sa Chomhairle agus i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go dtí seo (10135/19)[1].

[1] Ba cheart a thabhairt ar aire go bhfuil an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na forálacha sa Rialachán Cothrománach maidir leis an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) (Airteagail 63-73) agus maidir leis an gcóras rialaithe agus pionóis (Airteagail 84-87).

11. Ar an iomlán, creideann na Ballstáit go bhfuil dul chun cinn déanta chun an Rialachán Cothrománach reatha a oiriúnú dá fheidhm maidir le "maoiniú, bainistiú agus faireachán" CBT nua atá *feidhmíocht*bhunaithe. A bhuí leis na moltaí ón Uachtaránacht maidir le dréachtú atá sa téacs, tá soiléiriú agus simpliú déanta ar fhorálacha áirithe den Rialachán Cothrománach. Tá roinnt dúshlán fós ann, áfach, maidir leis an tsamhail nua seachadta agus le hailíniú an Rialacháin maidir leis an bPlean Straitéiseach leis an Rialachán Cothrománach. Mar shampla, de réir roinnt toscaireachtaí, de thoradh athrú beartais, d'fhéadfadh ualach riaracháin níos mó a bheith ar na córais riaracháin sa ghearrthéarma, nuair a chuirtear san áireamh cúraimí breise agus/nó athraitheacha na gcomhlachtaí rialachais lena mbaineann (e.g. gníomhaireachtaí íocaíochta, comhlachtaí deimhniúcháin). Cé go n-aithníonn na toscaireachtaí go bhféadfadh an caidreamh idir an Coimisiún agus na tairbhithe deiridh a éirí níos simplí de thoradh na samhla nua seachadta, is deacair acu a rá cén áit go díreach a dtarlóidh an simpliú sin sa chaidreamh idir na córais riaracháin agus na tairbhithe.

12. Mar fhreagra ar údair imní na mBallstát, a léiríodh sa Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht, rinne an Uachtaránacht roinnt moltaí maidir le dréachtú an Rialacháin Chothrománaigh, amhail: Airteagal 8.2 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist atá fós gan réiteach maidir le Ballstáit réigiúnaithe nó chónaidhme agus maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta breise nua a chreidiúnú; Airteagal 30 chun a lua go sainráite go léiríonn an chéad íocaíocht a dhéantar faoi ionstraimí airgeadais réamhíocaíocht de réir bhrí mhír dheireanach Airteagal 35; Airteagal 42 chun cumhachtaí an Choimisiúin a leathnú chun gur féidir leis gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i leith cineálacha idirghabhála de réir earnála; agus ailíniú na bhforálacha maidir le trédhearcacht leis na ceanglais reatha trédhearcachta is infheidhme maidir le CERT agus CETFT mar a leagtar amach sa Rialachán Cothrománach reatha (1306/2013).

13. Rinneadh roinnt athruithe eile de chineál níos teicniúla chun soiléireacht a chur leis an téacs agus an comhghaolú leis an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach a áirithiú, lena n-áirítear athruithe i gcaibidil IACS agus a mhéid a bhaineann leis an gcóras rialaithe agus pionóis agus coinníollacht.

14. In Airteagal 15 (Smacht airgeadais), mar gur iarr líon mór de na Ballstáit sin, tugadh isteach tairseach EUR 2,000. Leis an modhnú sin, cuirtear san áireamh go bhfuil an fhoráil sin curtha chun feidhme cheana féin; dá bhrí sin, tá córais na mBallstát feidhmiúil. Thairis sin, ós rud é go n-úsáidfear an smacht airgeadais amach anseo mar rogha dheiridh, arna neartú a thuilleadh ag an bhfonóta a thug an Uachtaránacht isteach, níor cheart ualach riaracháin breise a bheith ar na Ballstáit i ngeall ar chur i bhfeidhm an tsásra ina iomláine. Mar sin féin, ní mór tuilleadh plé a dhéanamh ar an ngné sin toisc tuairimí na mBallstát ar an ábhar a bheith éagsúil fós.

15. Leasaíodh forálacha áirithe sa Rialachán Cothrománach atá beartaithe ach d'fhéadfadh sé gur gá athbhreithniú a dhéanamh orthu nó go dtiocfar ar chomhaontú faoin Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT agus faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil:

- Ní heol fós an gá an fhoclaíocht deiridh atá i líon áirithe d'fhorálacha an Rialacháin Chothrománaigh a athrú i bhfianaise théacs deiridh an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, amhail: Tagairt in Airteagal 8 don tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht; Airteagail 38-40 i dtaca le híocaíochtaí a chur ar fionraí i ndáil leis an imréiteach bliantúil, leis an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht, nó le heasnaimh sna córais rialachais, agus Airteagal 52 maidir leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil. D'fhéadfadh sé gur ghá freisin beachtú breise a dhéanamh ar théacs roinnt Airteagal eile, mar shampla in Airteagail 74-83 maidir le grinnscrúdú idirbheart.

- Cuireadh forálacha ag a bhfuil impleachtaí buiséadacha go leataobh sa togra nó go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar CAI. Áirítear ar na forálacha sin, atá idir lúibíní cearnógacha i dtéacs 9513/19, an méid seo a leanas: Airteagal 14 maidir le (méid) an chúlchiste talmhaíochta agus an cúlchiste géarchéime atá ann faoi láthair a thabharfar anonn; Airteagal 15 maidir le haisíocaíocht an smachta airgeadais le tairbhithe; Airteagal 29 maidir le méideanna réamh-mhaoinithe tosaigh; agus Airteagal 32 maidir leis an dáta le haghaidh saoradh uathoibríoch agus riail N+2 atá beartaithe.

## IV. STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN CEM

16. Lean Uachtaránacht na Rómáine den obair ar chuir Uachtaránacht na hOstaire tús léi agus shoiléirigh sí roinnt ceisteanna a sainaithníodh mar cheisteanna oscailte nár mhór a phlé a thuilleadh. Chuige sin, i mí Eanáir, bhí díospóireacht bheartais sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh inar chuir na hairí a dtuairimí i láthair i dtaca leis an togra ón gCoimisiún maidir le haicmiú chineál na bhfíonta a cheadú, lena n-áirítear sé chineál thoirmiscthe chomh maith leo siúd a bhaineann le speiceas Vitis labrusca. I gcruinnithe CST ina dhiaidh sin i mí Feabhra agus i mí an Mhárta, pléadh tuilleadh ceisteanna a bhain go príomha le hearnáil an fhíona, amhail údaruithe le haghaidh plandálacha, togra nua maidir le táirgí fíona a lipéadú, fíonta dí-alcólaithe agus páirt-dhí-alcólaithe agus tásca geografacha, lena raibh Uachtaránacht na Rómáine in ann dréachtmholtaí a dhéanamh ar an 12 Márta 2019 in 7451/19 i dtaca le Rialachán CEM atá beartaithe.

17. Ag eascairt as barúlacha na dtoscaireachtaí a fuarthas le linn cruinnithe déthaobhacha sa tseachtain dar tús an 20 Bealtaine, d'athbhreithnigh Uachtaránacht na Rómáine an téacs arís mar ullmhúchán do chruinniú Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 18 Meitheamh 2019 (7451/1/19 REV 1 + COR 1). Leis na leasuithe atá molta ag an Uachtaránacht, féachtar leis an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- cothromaíocht a bhaint amach i dtaca le cineálacha fíona tríd an toirmeasc atá ann cheana féin a choinneáil, is é sin an toirmeasc ar shé cinn de chineálacha hibrideacha sonracha agus ar speiceas Vitis labrusca, ach go gceadófar hibridí a úsáid i bhfíonta PDO;

- na rialacha maidir le seiceálacha ar lipéadú fíona a shoiléiriú chun go n-áiritheofar cur chuige comhréireach;

- úsáid na dtéarmaí "dí-alcólaithe" agus "páirt-dhí-alcólaithe" a dhéanamh éigeantach ar lipéadú na dtáirgí fíona sin;

- na rialacha a bhaineann le húdaruithe le haghaidh plandálacha as an nua a athrú agus síneadh a chur leis an tréimhse chun cearta plandála a athrú ina n-údaruithe;

- foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse don cheanglas nua luach cothaitheach agus liosta comhábhar an fhíona a léiriú ar an lipéadú;
- an fhoráil reatha d'allmhairithe cnáibe a choinneáil;
- na rialacha margaíochta a bhaineann le fíon a leathnú chun go gcumhdófar earnáil na hola olóige;
- síneadh ama a chur leis na cabhracha náisiúnta san Fhionlainn go dtí 2027.

18. Cuireadh gach foráil lena mbaineann impleachtaí buiséadacha nó cothrománacha go leataobh nó go ndéanfar níos mó dul chun cinn ó thaobh CAI. Áirítear ar na forálacha sin, atá idir lúibíní cearnógacha sa téacs, an méid seo a leanas: (1) leithreasuithe buiséadacha i dtaca le torthaí agus glasraí agus le bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais (an scéim scoile), (2) na leithdháiltí buiséadacha dá bhforáiltear i Rialachán 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus (3) na leithdháiltí buiséadacha dá bhforáiltear i Rialachán 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha. Sainaithníodh míreanna a bhaineann le Brexit freisin agus tá siad siúd idir lúibíní catacha sa téacs: leasú ar Airteagal 149 de Rialachán 1308/2013 agus aithris 23a (a bhaineann leis).